coffey

# Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin

# Fógra Dul Chun Cinn - Feabhra/Márta 2026

Coffey Construction Ltd., thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, atá ag tógáil **Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin.** Is éard atá i gceist leis seo ná cosáin agus raon rothaíochta nua a thógáil ar an dá thaobh de Bhóthar an Bhaile Bháin agus de Bhóthar Pháirc an Chaisleáin.

## An Dul Chun Cinn go dtí seo

Tá dul chun cinn an tionscadail chun tosaigh ar an sceideal, agus anois táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe den chuid is mó i R2 2026, thart ar dhá mhí níos luaithe ná mar a bhí beartaithe. Ó cuireadh tús leis an obair ar an suíomh, tá an-dul chun cinn déanta agus tá go leor gnéithe den tionscadal críochnaithe nó beagnach críochnaithe. San áireamh ann tá:

- Beagnach 5km de chosán nua suiteáilte, a bhfuil an chuid is mó de oscailte don phobal .
- Beagnach 5km de raon rothaíochta cosanta nua tógtha. Beidh sé seo oscailte don phobal i R2 2026.
- Tá oibreacha sibhialta do thrasrianta coisithe faoi rialú comharthaí curtha i gcrích chun sábháilteacht coisithe a fheabhsú. Táthar ag tabhairt faoi oibreacha leictreachais anois chun iad a chur ag obair.
- Tá cúig fhoscadán bus nua i bhfeidhm anois. Táthar ag súil go mbeidh ocht bhfoscadán bus eile i bhfeidhm faoi mhí Bealtaine 2026.
- Suiteáladh agus coimisiúnaíodh córais soilsithe phoiblí nua ar an dá bhóthar, agus tá siad sin ag obair faoi láthair.

## Cad a tharlóidh anois

- De bharr go bhfuil an tionscadal beagnach ag céim deiridh na tógála, tabharfaidh úsáideoirí bóithre faoi deara go bhfuil na hatreoruithe do choisithe á mbaint agus go bhfuil na cosáin á n-oscailt arís don phobal.
- **Sna seachtainí amach romhainn, cuirfimid tús le hoibreacha athdhromchlaithe ar phríomhbhealach Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin. Beidh gá lánaí a dhúnadh do na hoibreacha seo ar dtús. Táimid ag súil tús a chur go céimnithe le dúnadh bóithre go luath i mí Aibreáin ar an dá bhóthar. Tógfaidh sé 6 - 8 seachtain na hoibreacha seo a chur i gcrích agus beidh rochtain áitiúil ar fáil le linn na tréimhse sin.**
- Scríobhfaimid chugat arís sula dtosóidh na hoibreacha seo chun eolas sonrach a thabhairt duit faoin tionchar a bheidh aige ar do cheantar. Eiseofar nuashonruithe ar leathanach gréasáin an tionscadail ar www.GalwayCity.ie (ar fáil tríd an gcód QR thíos).

Glactar buíochas leat roimh ré as d'fhoighne agus do thuiscint.

Má tá aon cheist agat maidir leis na hoibreacha seo, déan teagmháil linn ar 086 3847193.

**Go raibh maith agat as an am a ghlacadh chun an litir seo a léamh.**

SCAN HERE

FOR MORE INFORMATION ABOUT THIS PROJECT